

NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN IARBHUNSCOILE

EAGRÁN 14 – Nollaig 2019

Fáilte go heagrán a ceathair déag de Nuashonrú FMS, an ríomhfheasachán d'iar-bhunscoileanna. Tá a fhios againn ón aiseolas uaibh go bhfeiceann neart agaibh ar na ríomhfheasacháin seo mar thaca úsáideach agus sibh ag glacadh páirt go leanúnach sa phróiseas FMS. Tá na heagrán uile roimhe seo den ríomhfheasachán ar fáil le híoslódáil agus le priontáil amach ón suíomh gréasáin FMS.

Is deacair a chreidiúint go bhfuilimid cheana féin ag teacht chuig tús 2020. Ciallaíonn sé sin go bhfuilimid ag teacht chuig deireadh na timthriallach seo de FMS. Le hImlitir 0040/2016 tógtar scoileanna agus an córas chuig deireadh Mheitheamh 2020. Le linn na timthriallach, tá á gcleachtais FMS forbartha ag scoileanna agus tá a fhios againn gur bhain neart scoileanna an-úsáid as an bpróiseas chun aistriú a bhainistiú agus feabhsúcháin a dhéanamh san fhoghlaim agus sa teagasc. Níos déanaí in 2020, foilseofar imlitir nua chun an córas a threorú ó Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh agus chun tacú le scoileanna tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcleachtais FMS bhunaithe.

Tá dhá alt san eagrán seo den Nuashonrú. Sa chéad alt féachtar ar réimse na nuatheangacha iasachta. Déantar naisc phraiticiúla idir Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026 agus an chaoi inar féidir le scoileanna an próiseas FMS a úsáid chun a soláthar teanga féin a scrúdú. Sa dara halt féachtar go gairid ar an séú céim sa phróiseas FMS - Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus déan meastóireacht ar thionchar.

Le linn 2019, lean cigirí de chuartheanna comhairle FMS a sholáthar i scoileanna. Cuartheanna neamh-mheastóireachta ó chigire is ea iad seo, ag am atá feiliúnach don scoil. Is é aidhm na gcuairteanna seo tacú le scoileanna lena bpróiseas, sa chaoi is go mbeidh an tionchar aige atá uathu. Tá sé ráite ag scoileanna linn gur bhain siad tairbhe as na cuairteanna seo agus gur chuidigh siad leo a gcomhráite féin a dhéanamh níos doimhne agus a bpróiseas a dhéanamh níos dírithe.

Chun cuairt a iarraidh, ní gá ach r-phost a sheoladh chuig info@schoolself-evaluation.ie le hainm agus uimhir rolla do scoile.

An Chigireacht - Aonad Tacaíochta agus Taighde Meastóireachta

Clár

An próiseas FMS a chur i bhfeidhm i dteagasc na nuatheangacha iasachta	leathanach 2
Monatóireacht a dhéanamha ar ghníomhartha agus meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht	leathnach 8

An próiseas FMS a chur i bhfeidhm i dteagasc na nuatheangacha iasachta in iar-bhunscoileanna

Tá uair na cinniúna buailte leis an oideachas iar-bhunscoileanna i nuatheangacha iasachta in Éirinn, a bhfuil fuinneamh nua curtha leis trí shraith de nuashonruithe nuálaíocha le déanaí in éagsúlú sholáthar na dteangacha, gearrchúrsaí agus forbairt sonrúcháin.

An raibh sé seo ar eolas agat?

I measc na bhforbairtí le déanaí, tugadh isteach an sonrúchán nua do nuatheangacha iasachta sa tsraith shóisearach, rinneadh éagsúlú ar raon na dteangacha ar fáil le staidéar chun gearrchúrsaí a chuimsiú amhail Teanga agus Cultúr na Síne, Polainnis, agus Seapáinis sa tsraith shóisearach, agus san Idirbhliain forbraíodh ‘Aonaid’ in ábhair teanga amhail an Chóiréis freisin.

Ina theannta sin, tá pleananna ar bun chun ceithre sonrúchán curaclaim a thabhairt isteach le scrúdú ag leibhéal na hArdteistiméireachta: Mandairínis, Polainnis, Liotuáinis agus Portaingéilis. Tabharfar na cúrsaí seo go léir isteach i scoileanna den chéad uair i Meán Fómhair 2020.

Tá cuid mhór den fhorbairt seo bunaithe ar straitéis 2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026. Tá sé d’aidhm ag an straitéis tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar oideachas teanga in Éirinn. Leagtar amach ann fíis go gcuirfidh córas oideachais na hÉireann sochaí chun cinn ina nglactar leis go mbeifear ábalta ar a laghad teanga iasachta amháin a fhoghlaim agus a úsáid, mar thoradh ar a luach do dhaoine, don tsochaí agus don eacnamaíocht.

Laistigh de Déanann Teangacha Nasc, leagtar amach ceithre phríomhsprioc straitéiseacha le cur ar chumas foghlaiméoirí cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus feabhas a chur ar a gcumas i dteangacha:

1. Cumas teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos spreagúla a chruthú.
2. Roghnú na réimse teangacha a fhoghlaimítear a éagsúlú agus a mhéadú agus teangacha na nÉireannach nua a chothú.
3. An fheasacht maidir le foghlaim teangacha a mhéadú chun úsáid níos forleithne teangacha iasachta a spreagadh.
4. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht fostóirí i bhforbairt agus úsáid teangacha trádála.

I dtaca leis an gcéad sprioc, ‘cumas teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos spreagúla a chruthú’, cuirfimidne sa Chigireacht tacaíocht dhearfach ar fáil d’oideachas teangacha iasachta den scoth d’fhoghlaiméoirí. Cuirfimid treoir agus comhairle ar fáil do scoileanna maidir le féinmheastóireacht scoile agus pleanáil scoile a úsáid chun feabhas a chur ar oideachas teangacha iasachta, chomh maith le raon de chuir chuige meastóireachta chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais sna teangacha iasachta.

I bhfianaise na próifíle airde atá ag nuatheangacha iasachta faoi láthair, is fiú machnamh a dhéanamh ar an gcaoi inar féidir leis an scoil agaibhse nuatheangacha iasachta a chur chun cinn laistigh de

chomhthéacs áitiúil. San alt seo féachfaimid ar an gcaoi inar féidir le FMS, i gcomhar le **Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026** tacú le gnóthachtálacha sna nuatheangacha iasachta laistigh den scoil agaibhse.

In Imlitir 0040/2016 leagtar amach na riachtanais reatha d'iar-bhunscoileanna maidir lena rannpháirtíocht leanúnach san fhéinmheastóireacht scoile ar theagasc agus foghlaim ó 2016 go 2020. Eascraíonn spriocanna scoile uile ón bpróiseas FMS ina bhfuil sé chéim agus, ar an gcéad amharc, b'fhéidir go gceapfaí go mbeidh sé dúshlánach an próiseas céanna seo a aistriú go teagasc agus foghlaim na nuatheangacha iasachta. Ach ní gá go mbeadh an scéal amhlaidh agus d'fhéadfá roinnt cur chuige a ghlacadh chun an próiseas FMS a nascadh le nuatheangacha iasachta.

Féidearthacht amháin, ar leibhéal na scoile uile, is ea réimsí cleachtais a lorg a bhainfeadh leis na réimsí ábhair go léir. Mar shampla, féach ar sholáthar an aiseolais scríofa fhoirmithigh. Baineann sé seo le hathchóiriú ar an tsraith shóisearach, chomh maith le teagasc agus foghlaim i gcoitinne, agus baineann sé leis na réimsí ábhair go léir. D'fhéadfá ansin féachaint ar na bealaí chun na spriocanna scoile uile a chur i bhfeidhm i do réimse ábhair. Más rud é go gcuirtear níos mó ná aon teanga amháin ar fáil sa scoil agaibhse, b'fhéidir go smaoinfeá ar roinn nuatheangacha iasachta a bhunú, d'fhonn comhoibriú níos mó a chothú sna hábhair teanga. Mar shampla, b'fhéidir go n-áireofaí leis seo aiseolas scríofa saincheaptha a sholáthar do scoláirí sa sprioctheanga, agus straitéisí ceaptha lena chinntiú go bhfuil an stór focal a úsáidtear ar eolas ag na scoláirí.

Bealach eile a d'fhéadfá féachaint air seo is ea na spriocanna FMS scoile uile comhaontaithe a chur i bhfeidhm, ach súil eile a chaitheamh freisin ar an bpróiseas le sé chéim chun a fháil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil réimsí sa chleachtas reatha laistigh de do réimse ábhair nó do roinn nuatheangacha iasachta a bhainfeadh tairbhe as athbhreithniú. Mar thoradh ar an gcur chuige roghnach seo a leanúint, agus tagairt a dhéanamh do na treoirlínte maidir le Féinmheastóireacht Scoile, tá súil againn go bhfaighidh sibh treoir agus soiléiriú maidir leis na réimsí tosaíochta reatha don fhorbairt. D'fhéadfá, mar shampla, súil níos géire a thabhairt ar Déanann Teangacha Nasc agus, b'fhéidir, sprioc féin sa straitéis:

“Cumas teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos spreagúla a chruthú”.

Ar ndóigh, tá na gníomhartha a eascraíonn ón sprioc seo ag labhairt faoi athrú córais ar bhonn náisiúnta, mar sin féachaimis air ar bhonn áitiúil, le scrúdú a dhéanamh ar a bhfuil á dhéanamh againn sa scoil againne chun timpeallacht foghlama níos spreagúla a chruthú. B'fhéidir gur mhaith leat tagairt a dhéanamh do na réimsí agus caighdeán laistigh de Ag Breathnú ar an Scoil Againne agus cinneadh a dhéanamh cé acu an bhfuil na cleachtais éifeachtach nó fíoréifeachtach, agus idir láidreachtaí agus réimsí forbartha a aithint.

Agus do smaointeoireacht á leagan amach mar atá in Ag Breathnú ar an Scoil Againne, b'fhéidir go mbeadh an sliocht seo a leanas úsáideach:

RÉIMSE 2: EISPÉIRIS NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Glacann na scoláirí páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha	Léiríonn na scoláirí leibhéal arda spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim. Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach fiúntach. Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú. Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal cumasach.	Léiríonn na scoláirí leibhéal an-arda spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim. Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach an-chuspóireach agus an-táirgiúil. Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú, agus tá siad ábalta an ghníomhaíocht a leathnú agus a fhorbairt go fiúntach. Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal an-chumasach.

Más é “cumas teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos spreagúla a chruthú” an réimse fócais, ansin d'fhéadfá tosú trí roinnt ceisteanna a chur:

- *An mbíonn deiseanna ag ár scoláirí i ngach ceacht labhairt sa sprioctheanga lena gcomhscoláirí?*
- *Cad iad na deiseanna sonracha a chuirimid ar fáil do scoláirí chun an sprioctheanga a úsáid eatarthu féin (scoláire-scoláire)? An bhfuil siad spontáineach, dírithe ar chaidreamh ó bhéal, nó an mbíonn rólímirt i gceist?*
- *An mbíonn caidreamh ag na scoláirí leis an múinteoir sa sprioctheanga mar theanga cumarsáide laistigh den seomra ranga?*
- *Cé chomh spreagúil agus atá na deiseanna teanga a chuirimid ar fáil dár scoláirí? Agus cathain a chuirimid na deiseanna sin ar fáil laistigh de struchtúr an cheachta – ag an tús, sa lár nó ag an deireadh?*
- *Cén scafaill a chuirimid ar bun chun tacú le muinín na scoláirí chun an sprioctheanga a úsáid?*

Agus sibh ag bogadh chuig céim an bhailithe fianaise, b'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar na nithe seo:

- *Athbhreithniú ar cheachtanna le déanaí laistigh den roinn ábhair – cé chomh rialta agus a tharla idirghníomhaíochtaí ó bhéal scoláire-scoláire laistigh de gach ceacht agus cá fhad a mhair gach idirghníomhaíocht, go garbh?*
- *Ceistneoir gonta a sholáthar do na scoláirí nuatheangacha iasachta go léir chun a dtuairimí a fháil maidir le minicíocht na n-idirghníomhaíochtaí ó bhéal, an úsáid a bhaineann siad as an sprioctheanga agus cé chomh spreagúil agus atá an timpeallacht foghlama dóibh.*

D'fhéadfá ceisteanna eile a chur agus, é sin déanta agat, an chéad chéim eile ná anailís a dhéanamh agus breithiúnais a dhéanamh. Ba chóir go gcuideodh an chéim áirithe seo leis an bhfócas a chúngú ar líon réimsí forbartha atá teoranta, inbhainistithe agus intomhaiste. Deis atá ann freisin le haitheantas

a thabhairt agus tógáil ar réimsí atá ina láidreachtaí reatha laistigh de do réimse ábhair nó roinn ábhair nuatheangacha iasachta.


Ón bpointe seo, is féidir roinnt spriocanna SMART a cheapadh, is iad sin spriocanna atá sonrach, intomhaiste, comhaontaithe, réalaíoch agus uainithe. D'fhéadfaidís seo spriocanna a áireamh maidir le méadú ar mhinicíocht agus fad na n-idirghníomhaíochtaí scoláire-scoláire, chomh maith lena chinntiú go ndíríonn idirghníomhaíochtaí dá leithéid ar fhorbairt scileanna labhartha.

De réir mar a théann an téarma agus an scoilbhliain ar aghaidh, beidh sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na straitéisí comhaontaithe teagaisc agus foghlama, d'fhonn a chinntiú go bhfuil an tionchar inmhianaithe acu ar eispéireas na bhfoghlaimoirí. Tá bealaí éagsúla chun na sonraí seo a bhailiú – b'fhéidir gur mhaith leat suirbhé scoláirí a dhéanamh, mar shampla, nó bualadh le fócasghrúpa scoláirí. Bealaí is ea iad seo chun a fháil amach go bhfuil an cleachtas athraithe agus go bhfuil feabhas á chur ag na foghlaimoirí ar a gcumas trí thimpeallacht foghlama atá níos spreagúla.

Más rud gur thug an cur chuige seo ar leibhéal na roinne ábhair spreagadh duit do chleachtas féin a fhorbairt, b'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar spriocanna eile laistigh de Déanann Teangacha Nasc, b'fhéidir ar leibhéal na scoile uile, i gcomhar leis na seirbhísí Treorach agus leis an bhfoireann ardbhainistíochta i do scoil. B'fhéidir go mbeadh an dá sprioc seo a leanas, go háirithe, ábhartha ina leith sin:

- Roghnú na réimse teangacha a fhoghlaimítear a éagsúlú agus a mhéadú agus teangacha na nÉireannach nua a chothú.
- Feasacht atá le foghlaim teangacha a mhéadú chun úsáid níos forleithne teangacha iasachta a spreagadh.

An doiciméad seo a úsáid chun tacú le hathmhachnamh laistigh den roinn ábhair nuatheangacha iasachta



An doiciméad seo a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim – sampla praiticiúil

	Scoil Uile	Roinn Teangacha
Ainmnigh an fócas	Sampla: Feabhas a chur ar éispéireas na bhfoghlaimoirí d'fhonn feabhas a chur ar fholláine na scoláirí agus tacú le torthaí níos fearr	Ceisteanna a chur orainn féin mar mhúinteoirí, e.g. <ul style="list-style-type: none"> An dtugtar tascanna atá saibhir agus dúshlánach mar is cuí do na scoláirí a fhorbraíonn fiosracht faoi réiteach?
Fianaise a bhailiú	<ul style="list-style-type: none"> Fócasghrúpa scoláirí Ceistneoir do chách/sampla scoláirí 	<ul style="list-style-type: none"> Labhair leis na scoláirí i do ranganna teanga Scrúdaigh obair na scoláirí d'fhianaise ar easpa spéise
Déan anailís agus déan breithiúnais	Cé chomh maith agus atá eispéireas na bhfoghlaimoirí inár scoil?	Cé chomh maith is atá eispéireas na bhfoghlaimoirí nuatheangacha iasachta?
Scríobh agus roinn tuairisc agus plean feabhsúcháin	Tá gá le heispéireas na bhfoghlaimoirí ar fud na scoile a fheabhsú	Glacann na scoláirí páirt go rialta i ngníomhartha dúshlánacha; ach d'fhéadfadh níos mó gníomhaíochtaí a bheith ag eascairt óna spéiseanna agus ceisteanna féin
Cuir plean feabhsúcháin i bhfeidhm	Comhoibriú tras-ranna maidir le feabhas a chur ar eispéireas na bhfoghlaimoirí	Comhoibriú laistigh den réimse ábhair nó roinn nuatheangacha iasachta maidir le tascanna níos saibhre a fhorbairt
Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus déan meastóireacht ar thionchar	<ul style="list-style-type: none"> An raibh an próiseas inbhainistithe? An raibh an próiseas bríoch? Conas a thacaigh an plean le feabhsú ar fholláine agus torthaí? 	<ul style="list-style-type: none"> An raibh an próiseas inbhainistithe/bríoch sa réimse ábhair nó roinn nuatheangacha iasachta? Conas is féidir linn leanúint de thacú leis an bpróiseas?

Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht

Gan aon amhras, is é an chéim is tábhachtaí sa phróiseas FMS ná Céim 5 – *Cuir plean feabhsúcháin i ngníomh*. Is é sin an áit go díreach ina dtarlaíonn na hathruithe a bhíonn ag teastáil uainn san fhoghlaim agus sa teagasc. Tagann sí go mór le Céim 6 – Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus déan meastóireacht ar an éifeacht. San alt gearr seo déantar iniúchadh ar roinnt den dea-chleachtas ar thángthamar air i scoileanna sa chéim deiridh den phróiseas.

Is próiseas féilteúil agus atriallach é próiseas FMS agus trí mhonatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht tá tú ag seiceáil an bhfuil na gníomhartha a d'aithin tú ag feidhmiú agus ag feabhsú an teagaisc agus na foghlama mar a rabhtas ag súil leis – agus an bhfuil ag éirí leat na spriocanna atá leagtha amach a bhaint amach. Dé réir mar a chuirtear gníomhartha i bhfeidhm, ná déan dearmad amanna agus bealaí a chur san áireamh chun machnamh a dhéanamh orthu, breathnú an bhfuil siad ag feidhmiú agus tacaíocht a thabhairt dá chéile le go mbeidh siad i gceart. Tá sé tábhachtach seasamh siar go rialta – agus cuir chuige a cheartú nó a athrú i dteannta a chéile bunaithe ar a bhfuil foghlamtha agat. Uaireanta, gach seans go mbeidh ort dul ar ais agus tosú ón mbonn arís fiú, agus gníomh a athrú nó an sprioc a chur le chéile arís ón tús ar fad!

Uaireanta, leis an bhfocal ‘monatóireacht’ is féidir tabhairt chun cuimhne íomhána de sheiceálacha agus cothromaíochtaí tiarnúla! Dúirt ceannaire scoile amháin lena rabhamar i dteagmháil gur smaoiníodh ar mhonatóireacht i gCéim 6 mar ‘monatóireacht a dhéanamh le m beag.’ Is féidir le gníomhartha monatóireachta bheith mar bhealach le meabhrúcháin agus deiseanna a chur san áireamh ionas go labhróidh múinteoirí agus go ndéanfaidh siad machnamh ar bhealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla faoi ghníomhartha feabhsúcháin na scoile. Is bealach é freisin le breathnú ar cé mhéad dul chun cinn atá á dhéanamh.

Thángthamar ar a lán ‘monatóireacht le m beag’ atá an-mhaith i scoileanna. San áireamh tá na cinn seo a leanas:

- Plé ag gach cruinniú foirne faoi FMS agus faoin gcaoi a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag na gníomhartha
- An comhrá a choinneáil ag dul go réidh ar bhonn rialta agus go neamhfhoirmiúil go minic, ionas go mbeidh na hathruithe comhaontaithe beo go fóill
- Clár fógraí FMS beag sa seomra foirne nó in áit choitianta eile ina léirítear na gníomhartha comhaontaithe
- Meabhrúcháin ar theimpléid thuairiscí pleanála na scoile maidir le gníomhartha FMS comhaontaithe
- Péireáil múinteoirí – ina socraíonn beirt mhúinteoirí comhrá neamhfhoirmiúil gearr a bheith le chéile ar bhonn rialta – chun cuidiú le spreagadh a thabhairt dá chéile agus le fadhbanna a réiteach nuair a bhíonn deacrachtaí acu
- Pleanáil i gcnuasaigh – i scoileanna níos mó ina mbíonn múinteoirí ag pleanáil le chéile – ag caitheamh cúpla nóiméad gach uair ag caint faoi na gníomhartha tosaíochta FMS
- Comhthéagasc a dhéanamh le cleachtais nua a thabhairt isteach – ina n-oibríonn múinteoir a bhfuil taithí cleachtais nua aige/aici i seomra ranga le comhghleacaí eile ar bhealach tacúil chun an cleachtas a fhorbairt le chéile
- Baill den fhoireann BIS (Bainistíocht In scoile) i dteagmháil go rialta le grúpaí múinteoirí ar bhealach tacúil

Go deimhin, tá áit ann freisin don mhonatóireacht le M mór. De ghnáth, is é a bheidh i gceist ná baill den fhoireann BIS ag seiceáil isteach go foirmiúil le múinteoirí maidir leis na gníomhartha comhaontaithe, forbheathnú ginearálta a dhéanamh ar thuairiscí dul chun cinn míosúla nó ag breathnú, b'fhéidir, ar shamplaí d'obair na ndaltaí ar fud na scoile.




An dara cuid den chéim seo ná meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht. Tá sé tábhachtach nuair atá do phlean feabhsúcháin á chur le chéile agat go ndéanann tú machnamh nuair a sheasann tú siar féachaint ar éirigh leat an feabhsú a bhí i gceist agat a dhéanamh a bhaint amach. Beidh an dul chun cinn á sheiceáil agat i gcoinne na spriocanna atá leagtha amach agat, bunaithe ar an eolas bonnlíne a bailíodh i gCéim 2. Is é a bheidh i gceist le meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht ná comparáid a dhéanamh idir an áit ina raibh rudaí ar dtús agus an áit ina bhfuil siad anois. Tá sé fíorthábhachtach é seo a dhéanamh ionas gur féidir leat an dul chun cinn atá déanta a cheiliúradh.

Meabhrúcháin de na Tacaíochtaí do FMS

Coinnigh i dteagmháil leis na forbairtí faoin FMS ar ár suíomh gréasáin agus ar ár meáin shóisialta.

Cliceáil ar na deilbhíní thíos chun fáil ar an nasc cuí nó chun clárú lenár bhfothaí de chuid na meán sóisialta.



Ag ullmhú don chéad Timthriall FMS eile

Mar is eol duit ceapadh Imlitir 0040/2016 agus Treoirlínte FMS 2016 chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do scoileanna agus an próiseas in úsáid acu, chomh fada le Meán Fómhair 2020.

Cheana féin, lorg an Chigireacht aiseolas agus moltaí ó scoileanna, ceannairí scoile, múinteoirí agus baill de bhoird bhainistíochta trí shuirbhé ar líne a reáchtáladh in Eanáir 2019, agus ó mhúinteoirí agus ceannairí scoile le linn cuairteanna ar scoileanna.

Le linn na míonna tosaigh de 2020, beimid ag obair leis na comhpháirtithe oideachais chun treoir a ullmhú do scoileanna don chéad timthriall FMS eile ó 2020. Tá muid ag tnú leis na smaointí d'fhorbairt bhreise FMS ó scoileanna agus ó cheannairí scoile mar chuid den próiseas sin.